



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An tSraith Shóisearach, 2025

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Oideachas Reiligiúnach

Comhleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do dhaltáí faoi úsáid scéimeanna marcála foilsithe

Níl sé i gceist go mbeidh scéimeanna marcála atá foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit ina ndoiciméid aonair. Is acmhainn riachtanach iad le haghaidh scrúdaitheoirí a gcuirtear oiliúint orthu maidir le léirmhíniú ceart a fháil ar an scéim agus cur i bhfeidhm ceart na scéime. Is éard atá i gceist leis an oiliúint seo, i measc nithe eile, samplaí d'obair dhaltáí a mharcáil agus na marcanna a bhronntar a phlé, chun cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Ina dhiaidh sin déanann na Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na gceartaitheoirí chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach agus cruinn na scéime marcála a chinntiú. Déanann an Príomhscrúdaitheoir maoirseacht ar an bpróiseas seo, le cabhair ó Phríomhscrúdaitheoir Comhairleach de ghnáth. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh maidir le cé acu ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa oibre iarrthóra nó nár cuireadh. Is dréachtshoiciméid iad scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear an scéim i gcrích go dtí go gcuireann ceartaitheoirí i bhfeidhm í ar obair iarrthóirí agus go mbailítear an t-aiseolas ó na ceartaitheoirí go léir agus go ndéantar é a mheas maidir leis an réimse iomlán freagraí ó iarrthóirí, maidir le leibhéal iomlán deacrachta an scrúdaithe agus maidir leis an ngá le comhsheasmhacht a chaomhnú ó thaobh caighdeáin de ó bhliain go bliain. Tá an scéim deiridh ar fáil sa doiciméad foilsithe sin, de réir mar a cuireadh i bhfeidhm í ar obair na n-iarrthóirí go léir. I gcás scéimeanna marcála a chuimsíonn réitigh shamplacha nó freagraí samplacha, is fiú a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeidh siad uileghabhálach. D'fhéadfadh leaganacha difriúla nó malartacha a bheith inghlactha freisin. Ní mór do scrúdaitheoirí gach freagra a mheas de réir a bhfiúntais, agus moltar dóibh dul i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha i gcás amhrais.

Scéimeanna Marcála sa Todhchaí

Ba chóir go seachnaítear aon tuairimí faoi scéimeanna marcála sa todhchaí más tuairimí bunaithe ar scéimeanna ón am atá thart iad. Cé go bhfuil na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar na sonraí a bhaineann le marcáil cineál faoi leith ceiste i bhfianaise fheidhm na ceiste sin sa scrúdú trí chéile in aon bhliain ar leith. Tá an fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir in aon bhliain ar leith cinneadh a dhéanamh ar conas is fearr a chinntiú go mbeidh measúnú cóir agus cruinn ar obair iarrthóirí agus chun a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht ann maidir le caighdeán an mheasúnaithe ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh athrú ar ghnéithe den struchtúr, mionsonraí agus cur i bhfeidhm na scéime marcála maidir le scrúdú faoi leith ó bhliain amháin go bliain eile gan fógra.

Réamhrá Ginearálta

Maidir leis na torthaí foghlama atá le measúnú in Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí (Comhleibhéal) do bhliain áirithe, is sampla iad de na torthaí ábhartha uile atá ar fáil sna trí thábla de thorthaí foghlama atá leagtha amach i sonraíocht Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2018. Cé go bhfuil cead ag daltaí leas a bhaint as a dtaithe féin sa scrúdú, ní dhéantar measúnú ar a dtiomantas dá gcreideamh pearsanta agus/ná ar a mbaint le grúpa reiligiúnach ar leith.

Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí

Marcáil ar Líne

Nótaí Mínithe don Scrúdú Deiridh

Nóta Mínithe	Cur síos	Ciallaíonn sé
MC✓	Cód MC✓ san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Fianaise ar Chritéir Mharcála na ceiste ar fáil den chéad uair i bhfreagarleabhar an iarrthóra.
MC^x	Cód MC^x san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Gan aon fhianaise ar Chritéir Mharcála na ceiste ar fáil i bhfreagarleabhar an iarrthóra.
[	Cód [san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Tús le freagra dúblach ar cheist ar ar bronnadh marcanna cheana.
]	Cód] san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Deireadh le freagra dúblach ar cheist ar ar bronnadh marcanna cheana.
	Cód  líne chorrach chothrománach san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Leathanach ar a bhfuil freagra ar cheist feicthe ag an scrúdaitheoir ach tá nótaí mínithe/marcanna don cheist sin breactha síos in áit éigin eile.
	Cód  líne chorrach cheartingearach san imeall clé de fhreagarleabhar an iarrthóra.	Leathanach bán feicthe ag an scrúdaitheoir/ Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir ach níl freagra an iarrthóra ar an gceist le feiceáil ar an leathanach seo.

Ní mór don iarrthóir gach ceist a fhreagairt.

Tá spás le haghaidh obair bhreise ag deireadh Roinn A sa leabhrán.

Ceist 1 (a)

10 marc

Mínigh an chaoi gur féidir duine atá sa tóir ar bhrí na beatha a fheiceáil i bhfocail an amhráin thuas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar bhrí na beatha trí chúis chruinn amháin a thabhairt faoin gcaoi a bhfuil brí na beatha á phlé i bhfocail an amhráin m.sh.

- Nuair a mhothaíonn tú ar strae, ba chóir duit leanúint ar aghaidh agus iarracht a dhéanamh agus ná caith in aer srl.
- Nuair atá streachailt/eispéireas caillteanais os do chomhair, bí láidir agus lean ort srl.
- Déan do dhícheall chun do spriocanna a bhaint amach, is cuma cé chomh deacair is a éiríonn cúrsaí srl
- Srl.

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise do chuardach le haghaidh brí san amhrán	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag	-	An-Lag
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – Cur síos cruinn ar an gcúis	cur síos sármhaith ar an gcúis	scileanna an-mhaith i gcur síos ar an gcúis	scileanna maithe i gcur síos ar an gcúis	roinnt scileanna i gcur síos ar an gcúis	beagán scileanna i gcur síos ar an gcúis	fíorbheagán scileanna i gcur síos ar an gcúis	fíorbheagán/gan aon scileanna i gcur síos ar an gcúis
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
10 marc	10 – 9	8 - 7	6 – 5	4	3	2	1 - 0

Ceist 1 (b)**12 mharc****Ealaín****Leabhair****Scannáin****Ceol**

Déan cur síos ar shampla eile den chaoi a léirítear ceist faoi bhrí na beatha sa lá atá inniu ann ar cheann amháin de na bealaí atá luaite thuas.

Critéir Mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar bhrí na beatha trí chuntas cruinn a thabhairt ar an gcaoi a léirítear ceist faoi bhrí na beatha inniu in Ealaín, i Leabhair, i Scannán nó sa Cheol m.sh.

- Ealaín – Sa phictiúr *Creation of Adam* de chuid Michelangelo a léiríonn Dia ag tabhairt beatha don chéad fhear, Adam srl.
- Ceol – *Where Is the Love* leis na Black Eyed Peas ina chuirtear an cheist faoin bhfáth go dtarlaíonn drochrudaí do dhaoine maithe srl.
- Leabhair – Is úrscéal teacht in aois é *The Outsiders* le S.E. Hinton faoin gcoimhlint idir dhá dhrong in iomaíocht dá chéile agus faoin gcaoi a láimhseálann na príomhcharachtair deacrachtaí an tsaoil srl.
- Scannán – Cuireann an scannán *Soul* ó Pixar in iúl do dhaoine taitneamh a bhaint as an am faoi láthair, sult a bhaint as na rudaí simplí agus gan a bheith buartha faoin todhchaí srl.

Nóta: Lig do fhreagraí ginearálta nach bhfuil sampla ar leith iontu.

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise de shampla éagsúil faoin gcaoi a phléitear brí na beatha san ealaín, i leabhair, i scannán nó sa cheol	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag - An-Lag		
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – Cur síos cruinn	cur síos sármhaith de	scileanna an-mhaith i gcur síos	cur síos maith	roinnt curtha síos	beagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán/gan aon chur síos
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
12 mharc	12 - 11	10 - 9	8 - 7	6 - 5	4 - 3	2	1 - 0

Ceist 2 (a)

10 marc
5Mx2

Meaitseáil na ráitis thíos leis an gcéim creidimh reiligiúnaigh is mó lena mbaineann sé ón liosta a leanas. Rinneadh ráiteas amháin a mheaitseáil mar shampla duit.

A – Creideamh Déagóra

B – Creideamh Linbh

C – Creideamh Aibí

Ráitis (Scríobh an litir thíos do gach céim creidimh atá tugtha thuas.)	Ráitis Creidimh
Smaoiním ar Dhia mar sheanfhear críonna, ar inis mo sheanathair dom faoi, a théann i gcúram orainn ar fad agus atá ina chónaí sa spéir.	
Tá meas agam ar an gcaidreamh atá agam le Dia/leis na déithe/leis an neach diaga i mo shaol.	
Ar nós mo chairde, tá a lán ceisteanna agam faoi Dhia/na déithe/faoin neach diaga, nach bhfuil freagraí faighte agam orthu.	A

Critéir Mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcreideamh tríd an dá chéim chreidimh a nascadh go cruinn leis na ráitis a ainmníodh sa cheist is mó lena mbaineann siad –

- B – Creideamh Libh agus Smaoiním ar Dhia mar sheanfhear críonna, ar inis mo sheanathair dom faoi, a théann i gcúram orainn ar fad agus atá ina chónaí sa spéir.
- C – Creideamh Aibí agus Tá meas agam ar an gcaidreamh atá agam le Dia/leis na déithe/leis an neach diaga i mo shaol.

Cód **MC✓x2** san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise na ngnéithe laistigh de na céimeanna creidimh	Sármhaith fianaise mhór	An-Mhaith an-mhaith cruinn	Maith fianaise mhaith	Réasúnta is leor an fhianaise	Lag ní leor an fhianaise	- beagán fianaise	An-Lag fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – Cur síos cruinn	cur síos sármhaith	scileanna an-mhaith i gcur síos	cur síos maith	roinnt curtha síos	beagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán/gan aon chur síos
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
5 marc x 2	5	4	3	2	1	-	0

Ceist 2 (b)**7 marc**

Luaigh cén fáth a bhfuil an bhaint is mó ag ráiteas amháin acu leis an gcéim creidimh a ndearna tú a mheaitseáil leis i bpáirt (a) thuas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an bhforbairt chreidimh tríd an gcúis go mbaineann ráiteas amháin is mó leis an gcéim creidimh a liostaíodh sa cheist a sholáthar go cruinn i ráiteas gonta m.sh.

- Creidimh linbh – Tugann an teaghlach an creideamh do leanbh; d'fhéadfadh an leanbh aithris a dhéanamh ar thiomantais na mball teaghlaigh scothaosta nó tiomantais chomhchosúla a bheith acu; d'fhéadfadh cúramóirí an leanbh a thabhairt chuig deasghnátha reiligiúnacha srl.
- Creideamh Déagóra – Cuireann cairde a ndearcthaí, a gceisteanna agus a dtraidisiúin reiligiúnacha éagsúla ar a shúile do dhuine; d'fhéadfadh duine aithris a dhéanamh ar chreideamh a c(h)airde nó é a shealbhú mar gheall ar bhrú ón bpiarghrúpa srl.
- Creideamh Aibí – Cuirfidh an duine ceist ar a t(h)uairimí féin bunaithe ar thionchar an teaghlaigh agus na gcairde acu; a c(h)reideamh a chur ina ghníomh trí léiriúcháin; caidreamh le Dia/déithe/Neach Diaga a fhorbairt srl.

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise faoin bhfáth go mbaineann céim chreidimh amháin níos mó le gach ráiteas in 2 (a)	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag		An-Lag
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – cur síos i ráiteas gonta	cuirtear cur síos i ráiteas gonta go sármhaith	cuirtear cur síos i ráiteas gonta go han-mhaith	cuirtear cur síos i ráiteas gonta go maith	cuirtear cur síos i ráiteas gonta go réasúnta	cuirtear cur síos i ráiteas gonta ar an mbeagán	cuirtear cur síos fíorbheagáin i ráiteas gonta	cuirtear cur síos fíorbheagáin i ráiteas gonta/ní chuirtear cur síos
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
7 marc	7 - 6	5	4	3	2	1	0

Ceist 2 (c)**10 marc****Ealaín****Ceol****Scannáin**

Mol faoin gcaoi go bhféadfadh ceann acu thuas tionchar a bheith acu ar fhorbairt creidimh.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chreideamh trí chúis chruinn amháin a chur síos faoin bhfáth gur féidir le tionchar a bheith ag ealaíon, ag scannán, nó ag ceol ar fhorbairt creidimh duine m.sh.

- Ealaíon – Cabhraítear le daoine tuiscint níos doimhne a fháil ar a gcreidimh reiligiúnacha trí ionadaíochtaí amhairc m.sh. The Last Supper/Stations of the Cross srl.
- Ceol – Cloiseann an croí ceol i mbealach níos doimhne ná focail; bailítear daoine le chéile in adhradh/i bpaidreoireacht m.sh. iomainn srl.
- Scannán – Tugtar cuimhne ar scéalta óna dtéacs diaga chun tuiscint níos doimhne a fháil m.sh. The Prince of Egypt srl.

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise faoin gcaoi go bhféadfadh tionchar a bheith ag ealaíon, ag ceol, nó ag scannán ar fhorbairt chreidimh	Sármhaith fianaise mhór	An-Mhaith an-mhaith cruinn	Maith fianaise mhaith	Réasúnta is leor an fhianaise	Lag ní leor an fhianaise	- beagán fianaise	An-Lag fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – Mol cúis chruinn amháin	sármhaith le cúis chruinn amháin a mholadh	an-mhaith Cúis chruinn amháin á moladh	go maith le Cúis chruinn amháin á moladh	go réasúnta le Cúis chruinn amháin á moladh	beagán Cúis chruinn amháin á moladh	fíorbheagán le Cúis chruinn amháin á moladh	fíorbheagán/gan Cúis chruinn amháin á moladh
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
10 marc	10 - 9	8 - 7	6 – 5	4	3	2	1 - 0

Ceist 3 (a)**14 mharc
7Mx2****Léigh an cuntas thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.**

...

Luaigh dhá shlí inar athraigh creideamh Clare de réir an chuntais thuas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar fhorbairt chreidimh trí dhá bhealach a d'athraigh creideamh Clare sa scéal de réir an chuntais thuas a aithint go cruinn i ráiteas gonta m.sh.

- D'fhreastail Clare ar Shéipéal agus í ina leanbh ach níor fhreastail a thuilleadh ina bhlianta déagóra srl.
- Mhair Clare saol gan chreidimh le linn a blianta déagóra agus níos déanaí bheartaigh sí ar a saol a thabhairt d'íosa agus rinneadh bean rialta di srl.
- Srl.

Cód **MC** ✓ **x2** san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise faoin gcaoi a d'athraigh creideamh Clare de réir an chuntais thuas	Sármhaith fianaise mhór	An-Mhaith an-mhaith cruinn	Maith fianaise mhaith	Réasúnta is leor an fhianaise	Lag ní leor an fhianaise	- beagán fianaise	An-Lag fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scile(anna) – scileanna an-mhaith i gcur síos i ráiteas gonta	scileanna sármhaithe i gcur síos i ráiteas gonta	scileanna an-mhaith i gcur síos i ráiteas gonta	scileanna maithe i gcur síos i ráiteas gonta	roinnt scileanna i gcur síos i ráiteas gonta	beagán scileanna i gcur síos i ráiteas gonta	fíorbheagán scileanna i gcur síos i ráiteas gonta	fíorbheagán scileanna/gan aon scileanna i gcur síos i ráiteas gonta
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
7 marc x 2	7 - 6	5	4	3	2	1	0

Ceist 3 (b)**10 marc**

Ó do léamh ar an gcuntas thuas, mínigh conas a thug reiligiún brí na beatha do Clare.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar an gcuardach le haghaidh bhrí na beatha trí chúis chruinn amháin a thabhairt faoin gcaoi a thug creideamh brí isteach i saol Clare bunaithe ar an gcuntas thuas m.sh.

- D'fheidhmigh an tSiúr Clare mar mhisinéir agus d'úsáid a grá don aisteoireacht agus don amhránaíocht chun briathar Íosa a scaipeadh srl.
- Thaispeáin an tSiúr Clare comhbhá trí chabhair a thabhairt do leanaí a dtáinig ó chúilraí deacracha trí oideachas a thabhairt dóibh srl.
- Rinne an tSiúr Clare gníomhartha carthanais trí thacú le teaghlaigh a raibh bia agus leigheas uathu srl.
- Srl.

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise faoin gcaoi a thug creideamh brí na beatha do Clare	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag - An-Lag		
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – Cur síos cruinn ar an gcúis	cur síos sármhaith ar an gcúis	scileanna an-mhaith i gcur síos ar an gcúis	scileanna maithe i gcur síos ar an gcúis	cur síos i bpáirt faoin gcúis	beagán scileanna i gcur síos ar an gcúis	cur síos ar an mbeagán faoin gcúis	cur síos fíorbheagán/gan aon chur síos faoin gcúis
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
10 marc	10 - 9	8 - 7	6 - 5	4	3	2	1 - 0

Ceist 4 (a)

10 marc 5M x 2

An Bhagavad Gita Na Soiscéil An Córan/Qur'an An Tóra/Torah Na Tripitaka

Meitseáil dhá cheann de na téacsanna diaga thuas leis na reiligiúin is mó lena mbaineann siad ón liosta a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

Critéir Mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármaith cur amach ar théacsanna diaga trí dhá théacs diaga a nascadh go cruinn leis na creidimh is mó lena mbaineann siad –

- An Bhagavad Gita agus an Hiondúchas
- Na Soiscéil agus an Chríostaíocht
- An Córan/Qur'an & Ioslam
- An Tóra agus an Giúdachas
- Tripitaka agus an Búdachas

Cód **MC ✓ x2** san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Ceist 4 (b)**14 mharc**

Scrúdaigh conas is féidir le téacs diaga ról a imirt i saol na gcreidmheach i gceann amháin de na reiligiúin a leanas: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar théacs diaga trí fhéachaint go géar ar an gcaoi a d'fhéadfadh an téacs diaga páirt a bheith aige i saol a bhaill in aon chreideamh a liostaíodh sa cheist m.sh.

- An Búdachas - Na Tripitaka – Teagasc an Bhúda a leanúint amhail Conair na nOcht Rian srl.
- An Chríostaíocht - Na Soiscéil – Lena dtreoraítear Críostaithe luachanna an tSoiscéil a mhaireachtáil trí pharabail agus míorúiltí amhail maithiúnas, srl.
- An Hiondúchas - An Bhagavad Gita – Lena dtreoraítear Hiondúigh faoi iompar eiteach srl.
- Ioslam - An Córán/Qur'an – Bíonn paidreacha agus frásaí á rá ag baill le linn phaidir laethúil Salat srl.
- An Giúdachas - An Tórá/Torah – Ina bhfuil na scéalta bunaidh faoi Abrahám agus Maois agus spreagtar baill chun an Conradh a chomhlíonadh srl.

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise faoin gcaoi go mbíonn ról ag téacs diaga i saol an chreidmhigh	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag - An-Lag		
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – i ngrinnscrúdú	grinnscrúdú sármhaith	grinnscrúdú an-mhaith	scileanna maithe i ngrinnscrúdú	roinnt grinnscrúduithe	beagán i ngrinnscrúdú	fíorbheagán grinnscrúdaithe	fíorbheagán/gan ghrinnscrúdú
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
14 mharc	14 - 13	12 - 11	10 - 8	7	6 - 4	3	2 - 0

Ceist 5 (a)

5 mharc

Abrahám Íosa Críost Mahamad Siddartha Guatama Na Seacht Rishi
Meaitseáil ainm ceann amháin de na bunaitheoirí reiligiúnacha nó den lucht leanúna
tosaigh leis an reiligiún is mó lenar bhain sé/siad ón liosta seo: an Búdachas, an
Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar bhunaitheoir nó ar luathleanúnaithe trí dhuine nó grúpa amháin a cheangal go cruinn is mó lena mbaineann le scéal bunaidh ceann de na creidimh a liostaíodh sa cheist –

- An Búdachas - Siddartha Guatama
- An Chríostaíocht - Íosa Críost
- An Hiondúchas - Na Seacht Rishi
- Ioslam - Mahamad
- An Giúdachas - Abrahám/Maois

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise ina nasctar an bunaitheoir creidimh nó luathleanúnaithe creidimh don chreideamh is mó lena mbaineann siad	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag - An-Lag		
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – nascadh	á nascadh go sármhaith	scileanna an-mhaith i nascadh	scileanna maithe i nascadh	roinnt scileanna i nascadh	beagán scileanna i nascadh	fíorbheagán scileanna i nascadh	fíorbheagán de nascadh/gan aon nascadh
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
5 mharc	5	4	3	2	1	-	0

Ceist 5 (b)**18 Marc9M x2**

Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí inar féidir tiomantas dá gcreideamh reiligiúnach a fheiceáil i scéal bheatha an bhunaitheora nó an lucht leanúna tosaigh de cheann amháin de na reiligiúin seo: an Búdachas, an Chríostaíocht, an Hiondúchas, Ioslam nó an Giúdachas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar bhunaitheoir nó ar luathleanúnaithe trí fhaisnéis chruinn a leagadh amach faoi dhá bhealach ar thaispeáin an bunaitheoir nó na luathleanúnaithe a t(h)iomantas chun a c(h)reideamh a mhaireachtáil ina scéal beatha m.sh.

- An Búdachas – Siddartha Guatama – Diúltaíodh saol lán de shaibhreas agus peacaí chun deireadh a chur lena thrioblóidí agus ina n-áit cuireadh comhbhá do dhaoine eile agus an machnamh srl.
- An Chríostaíocht – Íosa Críost – Céasadh é ar an gcros chun daoine a shábháil ó pheacaí agus an caidreamh idir Dhia agus an cine daonna a aontú srl.
- An Hiondúchas – Na Seacht Rishi – Arna gcruthú ag Bráma chun an cine daonna a threorú ar an gconair cheart leis an eagnaíocht atá iontu srl.
- Ioslam – Mahamad – Lean sé leis ag tabhairt seanmóra faoi Allah i ndiaidh dó éalú ó ghéarleanúint i Meice agus thaisteal sé go Meidíne (Hijra) chun briathar Allah a scaipeadh srl.
- An Giúdachas – Abrahám – Bhí sé toilteanach a mhac Ísac a íobairt chun a thiomantas do Dia a léiriú srl.

Nóta: Lig do fhreagraí a thagraíonn do bhunaitheoirí agus do luathleanúnaithe araon d’aon cheann de na reiligiúin a liostaíodh.

Cód **MC✓x2** san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise faoin gcaoi a léirigh an bunaitheoir nó na luathleanúnaithe tiomantas chun a gcreidimh a mhaireachtáil	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag - An-Lag		
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – Cuntas cruinn i leagadh amach na faisnéise	cuntas sármhaith i leagan amach na faisnéise	cuntas an-mhaith i leagan amach na faisnéise	cuntas maith i leagan amach na faisnéise	cuntas réasúnta i leagan amach na faisnéise	cuntas ar an mbeagán i leagan amach na faisnéise	cuntas fíorbheagáin i leagan amach na faisnéise	cuntas fíorbheagáin/gan aon chuntas i leagan amach na faisnéise
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
9 marc x 2	9 - 8	7 - 6	5	4	3 - 2	1	0

Ní mór don iarrthóir gach ceist a fhreagairt.
Tá spás le haghaidh obair bhreise ag deireadh Roinn B sa leabhrán.

Ceist 6 (a)

5 mharc

Ainmnigh duine amháin a d'imir ról i bhforbairt na Críostaíochta in Éirinn.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármaith tuiscint ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann trí dhuine amháin a chur leis an gCríostaíocht in Éirinn a ainmniú go cruinn m.sh.

- Naomh Pádraig srl.
- Naomh Bríd/Bríd Chill Dara srl.
- Naomh Colmcille/Columba srl.
- Srl.

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise maidir le duine amháin a d'imir ról i bhforbairt na Críostaíochta in Éirinn a ainmniú	Sármaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag	-	An-Lag
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – ainmniú / Aithint	ainmniú / aithint sármaith	ainmniú / aithint an-mhaith	ainmniú / aithint maith	ainmniú / aithint réasúnta	ainmniú / aithint ar an mbeagán	ainmniú / aithint fíorbheagán	fíorbheagán / gan ainmniú / aithint
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
5 mharc	5	4	3	2	1	-	0

Ceist 6 (b)

10 marc

Déan cur síos ar shampla amháin den tslí ar imir an duine ainmnithe i bpáirt (a) thuas ról i bhforbairt na Críostaíochta in Éirinn.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann trí chuntas cruinn a thabhairt faoin gcaoi a chur an duine arna ainmniú i gcuid a) le forbairt na Críostaíochta in Éirinn m.sh.

- Tháinig Naomh Pádraig go hÉirinn agus scaip sé briathar na Críostaíochta; d'iompaigh sé págánaigh chun na Críostaíochta; bhaist sé na mílte duine; spásanna naofa amhail Cruach Phádraig, Co. Mhaigh Eo agus Loch Dearg, Co. Dhún na nGall; creideadh gur básadh é ar an 17 Márta agus déantar é a cheiliúradh gach bliain ar an dáta sin, srl.
- Scaip Naomh Bríd/Bríd Chill Dara briathar na Críostaíochta in Éirinn; spreag sí cailíní óga eile chun dul sa chlochar; bhunaigh sí dhá mhainistir i gCo. Chill Dara; is é an 1 Feabhra a lá féile agus déantar í a cheiliúradh gach bliain ar an dáta sin srl.
- Srl.

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise faoin tslí ar imir an duine a ainmníodh i gcuid (a) thuas ról i bhforbairt na Críostaíochta in Éirinn	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag		An-Lag
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – Cur síos cruinn	cur síos sármhaith de	scileanna an-mhaith i gcur síos	cur síos maith	roinnt curtha síos	beagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán scileanna i gcur síos	fíorbheagán/gan aon chur síos
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fíorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
10 marc	10 - 9	8 - 7	6 - 5	4	3	2	1 - 0

Ceist 7(a)

**15 mharc
3Mx5**

Meaitseáil gach ceann de na creidiúintí reiligiúnacha thíos leis an reiligiún is mó lena mbaineann sí ón liosta seo: Búdachas, An Chríostaíocht, Hiondúchas, Ioslam agus Giúdachas.

Athionchollú, An Conradh, Na Ceithre Fhírinne Thriathacha, Na Sé hAirteagal Creidimh, An Tríonóid

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith eolas ar phríomhchreidimh na mór-reiligiún domhanda trí gach ceann de na creidimh a liostaíodh sa cheist a nascadh i gceart leis na reiligiúin is mó lena mbaineann siad –

- An Búdachas – Na Ceithre Fhírinne Thriathacha
- An Chríostaíocht – An Tríonóid
- An Hiondúchas – Athionchollú
- Ioslam – Na Sé hAirteagal Creidimh
- An Giúdachas – An Conradh

Cód **MC✓x5** san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Ceist 7 (b)**10 marc**

Léigh an t-agallamh thíos le duine atá ag caint faoi conas a imríonn a creidiúintí reiligiúnacha tionchar ar an gcaoi ina maireann sí in Éirinn sa lá atá inniu ann.

...

Mínigh conas a léirítear creideamh reiligiúnach ina bhfuil á dhéanamh ag na daoine a ndéantar cur síos orthu san agallamh thuas.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar phobail chreidimh trí chúis amháin chruinn a thabhairt faoin gcaoi a léirítear creideamh reiligiúnach in iompar na mball san agallamh thuas m.sh.

- Ofrálacha deonacha agus gníomhartha déirce amhail airgead, am, bia (Sadaqah) srl.
- Bheith ag comhroinnt le daoine a bhfuil géarghá acu (Zakat – treoracha ó Allah) srl.
- Srl.

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise faoin gcaoi a léirítear creideamh reiligiúnach i ngníomhartha na ndaoine san agallamh	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag	-	An-Lag
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fiorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
Úsáid scil(eanna) – Cur síos cruinn ar an gcúis	cur síos sármhaith ar an gcúis	scileanna an-mhaith i gcur síos ar an gcúis	scileanna maithe i gcur síos ar an gcúis	cur síos i bpáirt faoin gcúis	beagán scileanna i gcur síos ar an gcúis	cur síos ar an mbeagán faoin gcúis	cur síos fiorbheagán/gan aon chur síos faoin gcúis
Cruinneas na bhFíricí	níl earráid mhór/earráidí móra ann	tá fiorbheagán earráidí ann	níl mórán earráidí móra ann	tá roinnt earráidí móra ann	tá an-chuid earráidí móra ann	tá earráidí ollmhóra ann	tá an-chuid earráidí ollmhóra ann
10 marc	10 – 9	8 - 7	6 - 5	4	3	2	1 - 0

Ceist 8 (a)**9 marc
3Mx3**

Léigh an cuntas thíos faoi dhuine a thug cuairt ar reilig áitiúil agus freagair an cheist a leanann é.

...

Ó do léamh ar an gcuntas thuas, críochnaigh na habairtí seo a leanas ag baint úsáid as na focail ón mbosca thíos. Críochnaíodh abairt amháin mar shampla duit.

Cuimhní	Giolcacha	Clocha	Crann
---------	-----------	-------------------	-------

I.	Ar a lán uaigneanna bhí ...clocha...móra eibhir.
II.	Cónra fite le ...
III.	D'iarr an bhean ar dhaoine éagsúla sa ghrúpa ...a roinnt.
IV.	Tháinig daoine chun tosaigh agus ...á iompar acu.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar dheasghnátha nach bhfuil reiligiúnach trí na habairtí ón gcuntas a chríochnú go cruinn ag baint úsáid as na focail a dtugadh sa cheist –

- Cónra fite le ... giolcacha
- D'iarr an bhean ar dhaoine éagsúla sa ghrúpa ... cuimhní ... a roinnt.
- Tháinig daoine chun tosaigh agus ... crann ... beag á iompar acu.

Cuir Cód **MC✓ x3** san imeall ar chlé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Ceist 8 (b)**10 marc**

Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le sampla eile de shearmanas neamhreiligiúnach a dhéanann ócáid thábhachtach i saol duine a chomóradh.

Critéir mharcála agus pointí tagartha:

Léireofar i bhfreagra sármhaith tuiscint ar dheasghnáth nach bhfuil reiligiúnach trí chuntas cruinn a thabhairt ar an méid atá i gceist le searmanas nach bhfuil reiligiúnach a chomórann imeacht thábhachtach i saol duine m.sh.

- Breithlá – “Lá Breithlá Sona Duit” a chanadh, coinne ar chaca breithlae a shéideadh, cárta a thabhairt do dhaoine chun breithlá sona a ghuí leis/léi srl.
- Pósadh – fáinne a mhalartú mar is siombail iad ar rud gan deireadh agus mar sin léiríonn siad grá síoraí na lánúineacha dá chéile srl.
- Srl.

Cód **MC** ✓ san imeall clé nuair a thugtar na Critéir Mharcála faoi deara i bhfreagra an iarrthóra den chéad uair.

Fianaise den mhéid atá i gceist le searmanas reiligiúnach seachas adhlacadh	Sármhaith	An-Mhaith	Maith	Réasúnta	Lag	-	An-Lag
	fianaise mhór	an-mhaith cruinn	fianaise mhaith	is leor an fhianaise	ní leor an fhianaise	beagán fianaise	fíorbheagán fianaise/gan aon fhianaise
Baint le hábhar	baineann sé le hábhar go huile & go hiomlán	is léir go mbaineann sé le hábhar	is iondúil go mbaineann sé le hábhar	baineann sé le hábhar ó am go chéile	is annamh a bhaineann sé le hábhar	is fíorannamh a bhaineann sé le hábhar	ní bhaineann sé le hábhar in aon chor
